Athbhreithnithe Mí na Nollag 07

# MOLADH CHUN SÍCEAMHÁINLIACHT A DHÉANAMH OTHAR AINNEONACH (DUINE FÁSTA)

FOIRM 15

AN tACHT MEABHAIR-SHLÁINTE 2001

**ALT 58**

LEATHANACH 1 DE 2

MHC Coimisiún Meabhair-Shláinte | Mental Health Commission

**CEANNLITREACHA BLOIC** (Léigh na nótaí thall roimh duit an fhoirm seo a chomhlánú)

**Faoi réir Chuid 2 den Acht Meabhair-Shláinte 2001, glacadh isteach**

**1.** Ainm Iomlán an Othair atá á m(h)oladh i gcomhair síceamháinliacht

**2.** Dáta Breithe ☐☐/☐☐/☐☐☐☐ Inscne F ☐ B ☐

ar bhonn ainneonach chuig

**3.** Ainm agus Seoladh an Ionaid Cheadaithe ar scaoileadh an t-othar isteach ann

Barda:

an

**4.** Dáta an Ghlactha Ainneonaigh ☐☐/☐☐/☐☐☐☐ ** Féach an nóta lastall*

## MOLADH CHUN SÍCEAMHÁINLIACHT A DHÉANAMH

**Arna Mholadh ag:**

**5.** Ainm Iomlán an Síciatraí Sainchomhairleach Freagrach (agus Seoladh Gairmiúil más éagsúil ó Alt 3 thuas)

Tá mé den tuairim go mbeadh sé chun sochair an othair cogais a bheith tugtha dó/di go hainneonach ar na cúiseanna seo a leanas

**6.** Tabhair sonraí maidir le conas a ndéanfaidh an chóireáil seo chun sochair an othair

Tá dóthain eolais tugtha agam don othar, i bhfoirm agus i dteanga atá an othar ábalta a thuiscint, ar nádúr, cúis agus na héifeachtaí a mbeadh súil leo ón gcóireáil molta agus mar an síciatraí sainchomhairleach atá freagrach as chúram agus cóireáil an othair tá mé sásta go bhfuil an t-othar ábalta an t-eolas seo a thuiscint agus tá an t-othar thuasainmnithe tar éis toiliú i scríbhinn dul faoi shíceamháinliacht. ☐

Iarraim go gcuirfeadh an Coimisiún Meabhair-Shláinte an moladh seo faoi bhráid Bhinse Meabhair-Shláinte.

Sínithe: _____

(An Síciatraí Sainchomhairleach Freagrach)

Dáta: ☐☐/☐☐/☐☐☐☐ Am: ☐☐:☐☐ (clog 24 uair m.sh. scríobhtar 2.41i.n. mar 14.41)

Le húsáid faoi réir an Achta Meabhair-Shláinte 2001 amháin. Bíonn pionóis i gceist má thugtar faisnéis bréagach nó míthreorach.

Is treoir amháin atá sna nótaí agus ní ráiteas cruinn atá iontu ar fhorálacha an Achta Meabhair-Shláinte 2001.

Ní shainíonn an tAcht Meabhair-Shláinte (2001) "Duine Fásta". Ciallaíonn "Leanbh" duine faoi 18 bliana d'aois seachas duine atá nó a bhí pósta. Ciallaíonn Duine Fásta aon duine nach bhfuil clúdaithe faoin sainmhíniú ar "Leanbh" san Acht.

Ciallaíonn "Toiliú", i leith othair, toiliú a fuarthas gan aon bhagairt ná mealladh, nuair—

(a) atá an síciatraí sainchomhairleach atá freagrach as chúram agus cóireáil an othair sásta go bhfuil an t-othar ábalta nádúr, cúis agus na héifeachtaí a mbeadh súil leo ón gcóireáil molta a thuiscint, agus

(b) go bhfuil dóthain eolais tugtha ag an síciatraí sainchomhairleach don othar, i bhfoirm agus i dteanga atá an othar ábalta a thuiscint, ar nádúr, cúis agus na héifeachtaí a mbeadh súil leo ón gcóireáil molta.

Lánscoireann an tAcht Sláinte 2004 na Boird Sláinte. Ní mór tagairtí do Bhoird Sláinte san Acht Meabhair-Shláinte 2001 a léamh mar thagairtí do Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte.

**ALTANNA AN ACHTA MEABHAIR-SHLÁINTE 2001**

**4.— (1)** Le linn breith a thabhairt faoin Acht seo maidir le cúram nó cóireáil duine (lena n-áirítear breith chun ordú glactha isteach a dhéanamh i ndáil le duine), is é leas an duine an phríomhghné a bhreithneofar ag féachaint go cuí do leasanna daoine eile a d'fhéadfadh a bheith i mbaol díobhála tromchúisí mura dtabharfaí an bhreith.

(2) I gcás ina mbeartaítear moladh nó ordú glactha isteach a dhéanamh i leith duine, nó cóireáil a thabhairt do dhuine, faoin Acht seo, tabharfar fógra don duine maidir lena bhfuil beartaithe, a mhéid is indéanta sin le réasún, agus beidh sé nó sí i dteideal uiríll a dhéanamh i ndáil leis an ábhar agus, sula dtabharfar breith ar an ábhar, déanfar breithniú cuí ar aon uiríll a dhéanfar go cuí faoin bhfo-alt seo.

(3) Le linn breith a thabhairt faoin Acht seo maidir le cúram nó cóireáil duine (lena n-áirítear breith chun ordú glactha isteach a dhéanamh i ndáil le duine) tabharfar aird chuí ar an ngá le hurramú a dhéanamh i leith cheart an duine chun dínite, iomláine coirp, príobháideachta agus neamhspleáchais.

**57.—**(1) Beidh gá le toiliú a fháil ó othar le haghaidh cóimeála ach amháin más rud é, i dtuairim an tsíciatraí shainchomhairligh atá freagrach as cúram agus cóireáil an othair, go bhfuil an chóireáil riachtanach chun beatha an othair a chaomhnú, chun a shláinte nó a sláinte a aiseag, chun an riocht ina bhfuil sé nó sí a mhaolú, nó chun faoiseamh óna fhulaingt nó óna fulaingt a thabhairt dó nó di agus nach bhfuil ar chumas an othair lena mbaineann, de dheasca a neamhoird meabhrach, an toiliú sin a thabhairt.

(2) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir leis an gcóireáil a shonraítear in *alt 58*, *59* nó *60*.

**58.—**(1) Ní dhéanfar síceamháinliacht ar othar mura rud é—

(a) go ndéanfaidh an t-othar a thoiliú nó a toiliú leis an tsíceamháinliacht a thabhairt i scríbhinn, agus

(b) go n-údaróidh binse an tsíceamháinliacht.

(2) I gcás ina mbeartófar síceamháinliacht a dhéanamh ar othar agus go mbeidh toiliú an othair faighte, déanfaidh an síciatraí sainchomhairleach atá freagrach as cúram agus cóireáil an othair fógra a thabhairt i scríbhinn don Choimisiún faoina bhfuil beartaithe agus déanfaidh an Coimisiún an t-ábhar a tharchur chuig binse.

(3) I gcás ina ndéanfar an méid sin atá beartaithe a tharchur chuig binse faoin alt seo, déanfaidh an binse an méid atá beartaithe a athbhreithniú agus—

(a) más deimhin leis gur ar mhaithe le sláinte an othair lena mbaineann é, údaróidh sé an tsíceamháinliacht a dhéanamh,

nó

(b) más rud é nach deimhin leis amhlaidh, diúltóidh sé í a údarú.

(4) Beidh feidhm ag forálacha *ailt 19* agus *49* maidir le hábhar a tharchur chuig binse faoin alt seo mar atá feidhm acu i ndáil le hordú maidir le glacadh nó ordú athnuachana a tharchur chuig binse faoi *alt 17*, fara aon mhodhnuithe is gá.

(5) Ní thabharfar éifeacht do chinneadh lena mbaineann —an mír seo

(a) roimh dhul in éag don tráth chun achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda, nó

(b) má dhéantar an t-achomharc sin, sula dtabharfar breith ina leith nó sula dtarraingeofar siar é.

(6) San alt seo ciallaíonn "síceamháinliacht" aon obráid mháinliachta lena scriostar fíochán inchinne nó feidhmiú fíocháin inchinne agus a dhéantar chun neamhord meabhrach a laghdú.

***Baineann dáta an ghlactha ainneonaigh le dáta tosaigh na tréimhse coinneála reatha seo, m.sh.**

***1) Má thosaigh an tréimhse faoi Fhoirm 6; - dáta a síníodh Foirm 6.***

***2) Má thosaigh an tréimhse faoi Fhoirm 13; - dáta a síníodh Foirm 13. (Alt an Ordaithe Ghlactha)***

***3) Má thosaigh an tréimhse faoin Acht um Chóireáil Mheabhrach 1945; - dáta a thosaigh an t-ordú.***